**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0263/2023**

8.9.2023

# ***I
# TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 98/24/CE ón gComhairle agus Treoir 2004/37/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na teorainnluachanna le haghaidh luaidhe agus a comhdhúl neamhorgánach agus dé-isicianáítí
(COM(2023)0071 – C9-0022/2023 – 2023/0033(COD))

An Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

Rapóirtéir: Nikolaj Villumsen

## *Eochair do na siombailí a úsáidtear*

| | |
|---|---|
| * | An nós imeachta comhairliúcháin |
| *** | Nós imeachta an toilithe |
| ***I | An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh) |
| ***II | An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh) |
| ***III | An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh) |

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

## *Leasuithe ar dhréachtghníomh*

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún**

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite**

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

# CLÁR

**Leathanach**

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ........................................5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN ..........................................................................................41

IARSCRÍBHINN: LIOSTA NA N-EINTITEAS NÓ NA NDAOINE ÓNA BHFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR..........................................................................................44

AN NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH ..................................................45

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH........46

## DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 98/24/CE ón gComhairle agus Treoir 2004/37/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na teorainnluachanna le haghaidh luaidhe agus a comhdhúl neamhorgánach agus dé-isicianáití (COM(2023)0071 – C9-0022/2023 – 2023/0033(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

Tá *Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2023)0071),

– ag féachaint d’Airteagal 294(2) agus d’Airteagal 153(2), pointe (b), i gcomhar le mír 1, pointe (a), den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a chuir an Coimisiún an togra faoi bhráid na Parlaiminte (C9-0022/2023),

– ag féachaint d’Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 22 Márta 2023[1],

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta (A9-0263/2023),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

[1] IO L xxx, xx.xx.xxxx, p. x. / Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(1a) Ba cheart do na Ballstáit cosaint chomhionann a thabhairt do gach oibrí agus ba cheart dóibh éascú a dhéanamh ar na hoibleagáidí a eascraíonn as an Treoir seo a bheith á gcomhlíonadh ag FBManna agus micrifhiontar. Tá acmhainní teoranta airgeadais, teicniúla agus daonna ag FBManna agus micrifhiontair, arb ionann iad agus tromlach mór na bhfiontar san Aontas. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar éifeachtaí chur chun feidhme na Treorach seo ar FBManna agus ar mhicrifhiontair, lena n-áirítear aon chúraimí riaracháin míchuí, chun a áirithiú nach ndéanfar difear díréireach dóibh agus go mbeidh an acmhainn airgeadais agus riaracháin acu na hoibleagáidí a eascraíonn as an Treoir seo a chomhlíonadh. Sa chomhthéacs sin, d'fhéadfadh bearta sonracha, amhail tacaíocht airgeadais agus theicniúil, cabhrú le FBManna agus le micrifhiontair.*** |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (6) Is príomh-thocsainí atáirgthe ceirde iad an luaidhe agus a comhdhúile neamhorgánacha ar féidir leo dul i gcion ar thorthúlacht agus ar fhorbairt an fhéatais araon agus a chomhlíonann na critéir maidir lena n-aicmiú mar thocsaineach don | (6) Is príomh-thocsainí ceirde atáirgthe iad an luaidhe agus a comhdhúile neamhorgánacha ar féidir leo dul i gcion ar thorthúlacht agus ar fhorbairt an fhéatais araon agus a chomhlíonann na critéir maidir lena n-aicmiú mar thocsaineach don |

| | |
|---|---|
| atáirgeadh (catagóir 1A) i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus, dá bhrí sin, is substaintí atá tocsaineach don atáirgeadh iad de réir bhrí Airteagal 2, pointe (ba), de Threoir 2004/37/CE. | atáirgeadh (catagóir 1A) i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus, dá bhrí sin, is substaintí atá tocsaineach don atáirgeadh iad de réir bhrí Airteagal 2, pointe (ba), de Threoir 2004/37/CE. ***Léirítear i staidéir gur luaidhe atá i gceist le thart ar leath den nochtadh ceirde go léir do shubstaintí atá tocsaineach don atáirgeadh. Níl sé indéanta go heolaíoch leibhéal a shainaithint ar faoina bhun nach mbeadh éifeachtaí díobhálacha sláinte maidir le nochtadh do luaidhe agus dá chomhdhúile neamhorgánacha ar fhorbairt sleachta oibrithe baineanna atá in aois clainne. Dá bhrí sin, ba cheart nodaireacht mar 'shubstaint neamhthairsí atá tocsaineach don atáirgeadh' a thabhairt isteach le haghaidh luaidhe agus a chomhdhúl neamhorgánach agus ba cheart d'fhostóirí a áirithiú go laghdófar nochtadh ceirde oibrithe go dtí leibhéal chomh híseal agus is féidir go teicniúil.*** |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 7 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(7a) Mhol Coiste um Measúnú Riosca na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán teorainn neamhchosanta ceirde (OEL) 4 µg Pb/m³ mar mheán ualaithe thar thréimhse 8 n-uaire (TWA)[1a]. Mhol an Coiste freisin teorainnluach bitheolaíoch ceangailteach (BLV) 15 µg Pb/100ml (150 µg Pb/L), ach tháinig sé ar an gconclúid nach gcosnaíonn an BLV sin leanaí oibrithe ban neamhchosanta atá in aois toirchis amach anseo. Mhol an Coiste nár cheart go sáródh an leibhéal luaidhe fola d'oibrithe ban in aois toirchis na luachanna tagartha don phobal i gcoitinne nach bhfuil nochta do luaidhe*** |

***ag an obair sa Bhallstát ábhartha.***

______________________

*1a*

***https://echa.europa.eu/documents/10162/ed7a37e4-1641-b147-aaac-fce4c3014037***

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 7 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(7b) Ina thuarascáil tionscnaimh maidir le creat straitéiseach nua de chuid an Aontais maidir le sláinte agus sábháilteacht ag an obair tar éis 2020 (lena n-áirítear cosaint níos fearr d'oibrithe ar nochtadh do shubstaintí díobhálacha, strus ag an obair agus gortuithe athghluaisne) an 9 Feabhra 2022, thug Parlaimint na hEorpa dá haire nach dtugann BLV de 15 µg Pb/100ml (150 µg Pb/L) 'cosaint cheart do mhná agus do mhná torracha go háirithe' agus d'iarr sí go mbeadh teorainnluachanna nochta athbhreithnithe ann do luaidhe agus dá chomhdhúile agus cosaint chomhionann á háirithiú ag an am céanna do gach oibrí gan beann ar inscne.*** |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 7 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(7c) Leis an Treoir sin, urramaítear na cearta bunúsacha a aithnítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, go háirithe an toirmeasc ar idirdhealú ar fhoras inscne agus an ceart chun dálaí oibre cothroma agus córa dá bhforáiltear,*** |

***faoi seach, in Airteagail 21 agus 31 de. Thairis sin, comhlíontar léi Prionsabal Uimh. 10 de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, ar dá réir atá an ceart ag oibrithe chun timpeallacht oibre atá sláintiúil, sábháilte agus curtha in oiriúint i gceart. Áirítear leis an gceart atá ag oibrithe chun sláinte agus sábháilteacht ag an obair a chosaint an ceart chun cosanta ar éifeachtaí luaidhe agus a chomhdhúl neamhorgánach ar na glúnta atá le teacht, amhail an tionchar diúltach ar chumas atáirgthe na bhfear agus na mban, agus ar fhorbairt féatais. Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún an Treoirluach Bitheolaíoch d'oibrithe ban atá in aois clainne a mheas in athbhreithniú atá le teacht agus ba cheart dó é a bhunú mar BLV ceangailteach atá gar do luachanna tagartha an phobail i gcoitinne nach bhfuil nochta ar bhonn ceirde do luaidhe i gcomhréir le hAirteagal 18a, mír 7b de Threoir 2004/37/CE. Tá sé beartaithe le BLV den sórt sin rannphháirtíocht iomlán oibrithe baineanna atá in aois clainne a chothú in earnálacha eacnamaíocha a ndírítear orthu leis an gComhaontú Glas don Eoraip, amhail ceallraí inbhuanaithe agus ciorclacha a tháirgeadh, chun tacú le haistriú fuinnimh an Aontais.***

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 8 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(8a) D'fhéadfadh leibhéil fola-luaidhe go maith os cionn aon BLV nua a bheith carntha ag oibrithe a bhí nochta do luaidhe ag an obair thar roinnt blianta. I dtuairim an Choiste um Measúnú Riosca, is féidir éifeachtaí díobhálacha sláinte a fheiceáil cheana féin ar leibhéil luaidhe*** |

***fola a thagann faoin BLV reatha de 70 µg Pb/100ml. Ba cheart d'fhostóirí na hoibrithe sin a aistriú chuig cúraimí eile san ionad oibre chun an laghdú is tapúla is féidir ar leibhéil luaidhe fola na n-oibrithe sin a áirithiú. Mura féidir é sin a dhéanamh, d'fhéadfaí cead a thabhairt d'oibrithe ag a bhfuil leibhéil luaidhe fola idir 15-30 µg Pb/100ml leanúint de thascanna a dhéanamh lena mbaineann nochtadh do luaidhe, ar choinníoll gur féidir laghdú ar a leibhéal luaidhe fola a shuíomh. Ba cheart do na hoibrithe sin a bheith faoi réir faireachas leighis feabhsaithe agus leanúnach chun treocht anuas ina leibhéal luaidhe fola a áirithiú. Ba cheart don Choimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle le ACSH agus leis na comhpháirtithe sóisialta, treoirlínte agus moltaí a fhorbairt maidir le hoibrithe a bhfuil nochtadh stairiúil acu, chomh maith le cur chun feidhme praiticiúil ag na Ballstáit chun a áirithiú go bhfuil a líontán sábháilteachta sóisialta le haghaidh na n-oibrithe sin á gcumhdach, mar shampla cúiteamh leordhmaith, tacaíocht agus athsciliú d'oibrithe ar nochtadh go gairmiúil dóibh le roinnt blianta anuas.***

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (9) Ba cheart bearta sonracha a chur i bhfeidhm maidir le bainistiú riosca, lena n-áirítear faireachas sláinte sonrach lenar cheart cúinsí oibrithe aonair a chur san áireamh. Faoi cheanglais ghinearálta Threoir 2004/37/CE, tá sé d'oibleagáid ar fhostóirí a áirithiú go ndéanfar an tsubstaint a ionadú nuair is féidir é go teicniúil, go n-úsáidfear córais dhúnta, nó go laghdófar an nochtadh go dtí leibhéal chomh híseal agus is féidir go teicniúil. Ina | (9) Ba cheart bearta sonracha a chur i bhfeidhm maidir le bainistiú riosca, lena n-áirítear ***bearta sláinteachais, úsáid trealaimh cosanta phearsanta agus*** faireachas sláinte sonrach lenar cheart cúinsí oibrithe aonair a chur san áireamh. ***Ós rud é gur substaint neamhthairsí atá tocsaineach don atáirgeadh í an luaidhe, ba cheart faireachas coisctheach leighis a bheith ar cheann de na bearta cosanta is tábhachtaí d'oibrithe atá nochta do*** |

theannta sin, mar a moladh i dtuairim an Choiste Chomhairligh um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair[90], níor cheart leibhéal na luaidhe agus a comhdhúl neamhorgánach san fhuil i measc ban in aois toirchis dul thar luachanna tagartha an phobail i gcoitinne nach bhfuil nocht do luaidhe ag an obair agus dá comhdhúile neamhorgánacha sa Bhallstát faoi seach. Mhol Coiste um Measúnú Riosca (RAC) de chuid na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán (ECHA), a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[91], go n-úsáidfí treoirluach bitheolaíoch (BGV) toisc nach raibh fianaise eolaíoch leordhóthanach ann chun BLV a shocrú do mhná in aois clainne. Nuair nach bhfuil leibhéil tagartha náisiúnta ar fáil, níor cheart leibhéil luaidhe agus a comhdhúile neamhorgánacha san fhuil i mná atá in aois clainne BGV 4.5 µg/100ml a shárú, mar a mholtar i dtuairim RAC[92]. Is táscaire é an BGV maidir le nochtadh ach ní maidir le héifeachtaí díobhálacha sláinte inaitheanta. Dá bhrí sin, feidhmíonn sé mar mharcóir táscaire chun fostóirí a chur ar an eolas faoin ngá le haird ar leith a thabhairt ar an riosca féideartha sonrach sin agus le bearta a thabhairt isteach chun a áirithiú nach mbeidh éifeachtaí díobhálacha sláinte forbartha san fhéatas nó i sliocht banoibrithe mar thoradh ar aon nochtadh do luaidhe agus dá comhdhúile neamhorgánacha.

***luaidhe, chomh maith le bearta coisctheacha teicniúla atá le déanamh ag an bhfostóir.*** Faoi cheanglais ghinearálta Threoir 2004/37/CE, tá sé d'oibleagáid ar fhostóirí a áirithiú go ndéanfar an tsubstaint a ionadú nuair is féidir é go teicniúil, go n-úsáidfear córais dhúnta, nó go laghdófar an nochtadh go dtí leibhéal chomh híseal agus is féidir go teicniúil. Ina theannta sin, mar a moladh i dtuairim an Choiste Chomhairligh um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair[90], níor cheart leibhéal na luaidhe agus a comhdhúl neamhorgánach san fhuil i measc ban in aois toirchis dul thar luachanna tagartha an phobail i gcoitinne nach bhfuil nochta do luaidhe ag an obair agus dá comhdhúile neamhorgánacha sa Bhallstát faoi seach. Mhol Coiste um Measúnú Riosca (RAC) de chuid na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán (ECHA), a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[91], go n-úsáidfí treoirluach bitheolaíoch (BGV) toisc nach raibh fianaise eolaíoch leordhóthanach ann chun BLV a shocrú do mhná in aois clainne. Nuair nach bhfuil leibhéil tagartha náisiúnta ar fáil, níor cheart leibhéil luaidhe agus a comhdhúile neamhorgánacha san fhuil i mná atá in aois clainne BGV 4.5 µg/100ml a shárú, mar a mholtar i dtuairim RAC[92]. ***Mar gheall ar laghdú leanúnach ar leibhéil nochta luaidhe comhshaoil, ba cheart an luach sin a athbhreithniú gach cúig bliana.*** Is táscaire é an BGV maidir le nochtadh ach ní maidir le héifeachtaí díobhálacha sláinte inaitheanta. Dá bhrí sin, feidhmíonn sé mar mharcóir táscaire chun fostóirí a chur ar an eolas faoin ngá le haird ar leith a thabhairt ar an riosca féideartha sonrach sin agus le bearta a thabhairt isteach chun a áirithiú nach mbeidh éifeachtaí díobhálacha sláinte forbartha san fhéatas nó i sliocht banoibrithe mar thoradh ar aon nochtadh do luaidhe agus dá comhdhúile neamhorgánacha.

[90] ACSH opinion on lead (2021) [Tuairim ACSH maidir le luaidhe (2021)]. https://circabc.europa.eu/ui/group/cb9293be-4563-4f19-89cf-4c4588bd6541/library/60b206e1-ee10-40c2-9540-fb6510c11a0c/details

[91] Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpaighch Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1.).

[92] Maidir leis an meastóireacht ar na teorainneacha nochta ceirde don luaidhe agus dá comhdhúile, a rinneadh an 11 Meitheamh 2020. (Féach roinn 8.2.4. den iarscríbhinn a ghabhann leis an tuairim). https://echa.europa.eu/documents/10162/ed7a37e4-1641-b147-aaac-fce4c3014037

[90] ACSH opinion on lead (2021) [Tuairim ACSH maidir le luaidhe (2021)]. https://circabc.europa.eu/ui/group/cb9293be-4563-4f19-89cf-4c4588bd6541/library/60b206e1-ee10-40c2-9540-fb6510c11a0c/details

[91] Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpaighch Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1.).

[92] Maidir leis an meastóireacht ar na teorainneacha nochta ceirde don luaidhe agus dá comhdhúile, a rinneadh an 11 Meitheamh 2020. (Féach roinn 8.2.4. den iarscríbhinn a ghabhann leis an tuairim). https://echa.europa.eu/documents/10162/ed7a37e4-1641-b147-aaac-fce4c3014037

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 9 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(9a) Meastar go bhfuil gá le cuid de na substaintí a chumhdaítear leis an Treoir seo, amhail luaidhe, chun oidhreacht chultúrtha nó gníomhaíochtaí cultúrtha áirithe a athchóiriú. I gcás na substaintí sin agus nuair nach ann do rogha mhalartach oiriúnach, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar na tairbhí socheacnamaíocha a eascraíonn*** |

***as substaintí den sórt sin a úsáid i gcoinne an riosca a bhaineann le hoibrithe sna hearnálacha sonracha sin nó sna gníomhaíochtaí sin. Bunaithe ar an measúnú sin agus i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta, ba cheart don Choimisiún breithniú a dhéanamh ar dhíolúintí spriocdhírithe agus teoranta d'earnáil an chultúir agus do ghníomhaíochtaí a bhaineann leis an oidhreacht ar OELanna agus BLVanna atá ann cheana.***

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 9 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(9b) Is minic a bhíonn sonraí uile-Aontais ó fhadhbanna sláinte a bhaineann leis an obair de bharr nochtadh luaidhe in easnamh, neamhiontaofa nó neamhleor. Ba cheart don Choimisiún treoirlínte agus moltaí a fhorbairt maidir le bailiú sonraí ag na Ballstáit chun feabhas a chur ar na clárlanna tuairiscithe agus risíochtaí.*** |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 9 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(9c) Tá gá le heolas domhain ar éifeacht fhadtéarmach luaidhe agus a chomhdhúile neamhorgánacha. Ba cheart d'údaráis na mBallstát a áirithiú, go háirithe, maidir leis na bearta nochta d'oibrithe a leagtar amach in Airteagal 5 de Threoir 2004/37/CE a chosc agus a laghdú, mar aon leis na ceanglais faisnéise agus oiliúna dá bhforáiltear in*** |

| | |
|---|---|
| | ***Airteagail 11 agus 12 agus na bearta sláinteachais agus cosanta aonair a leagtar amach in Airteagal 10 den Treoir sin, go gcuirtear san áireamh staid leochaileach na mban in aois clainne.*** |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (12) Is féidir dé-isicianáití a ionsú tríd an gcraiceann agus d' fhéadfadh íogrú deirmeach agus íogrú na conaire riospráide a bheith mar thoradh ar nochtadh do dhé-isicianáití ag an áit oibre freisin. Dá bhrí sin, is iomchuí teorainn nochta ceirde 6 ***µg/m***$^{3}$ agus teorainn nochta ghearrthéarmaigh 12 ***µg/m***$^{3}$ a bhunú don ghrúpa oibreán ceimiceach sin agus nodaireacht íograithe craicinn, dheirmigh agus riospráide a shannadh dó. | (12) Is féidir dé-isicianáití a ionsú tríd an gcraiceann agus d' fhéadfadh íogrú deirmeach agus íogrú na conaire riospráide a bheith mar thoradh ar nochtadh do dhé-isicianáití ag an áit oibre freisin. Dá bhrí sin, is iomchuí teorainn nochta ceirde 6 ***µg NCO/m***$^{3}$ agus teorainn nochta ghearrthéarmaigh 12 ***µg NCO/m*** a bhunú don ghrúpa oibreán ceimiceach sin agus nodaireacht íograithe craicinn, dheirmigh agus riospráide a shannadh dó. |

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 13**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (13) D'fhéadfadh sé a bheith deacair teorainn nochta ceirde 6 ***µg/m***$^{3}$ le haghaidh dé-isicianáití a chomhlíonadh, agus teorainn nochta ghearrthéarmaigh ghaolmhar 12 ***µg/m***$^{3}$ ag gabháil léi. Baineann an deacracht sin le saincheisteanna indéantachta maidir le tomhas teicniúil agus leis an am is gá chun bearta bainistithe riosca a chur chun feidhme go háirithe in earnálacha iartheachtacha lena mbaineann gníomhaíochtaí amhail úsáid péinteanna, obair le miotal luaidhe, scartáil, deisiú agus bainistiú dramh-mhiotail, bainistiú | (13) D'fhéadfadh sé a bheith deacair teorainn nochta ceirde 6 ***µg NCO/m***$^{3}$ le haghaidh dé-isicianáití a chomhlíonadh, agus teorainn nochta ghearrthéarmaigh ghaolmhar 12 ***µg NCO/m***$^{3}$ ag gabháil léi. Baineann an deacracht sin le saincheisteanna indéantachta maidir le tomhas teicniúil agus leis an am is gá chun bearta bainistithe riosca a chur chun feidhme go háirithe in earnálacha iartheachtacha lena mbaineann gníomhaíochtaí amhail úsáid péinteanna, obair le miotal luaidhe, scartáil, deisiú agus bainistiú dramh-mhiotail, bainistiú |

dramhaíola eile agus leasú ithreach. Dá bhrí sin, ba cheart feidhm a bheith ag luach idirthréimhseach 10 ***µg/m***$^3$ le teorainn nochta ghearrthéarmaigh ghaolmhar 20 ***µg/m***$^3$ go dtí an 31 Nollaig 2028.

dramhaíola eile agus leasú ithreach. Dá bhrí sin, ba cheart feidhm a bheith ag luach idirthréimhseach 10 ***µg NCO/m***$^3$ le teorainn nochta ghearrthéarmaigh ghaolmhar 20 ***µg NCO/m***$^3$ go dtí an 31 Nollaig 2028.

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 14**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (14) Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle leis an gCoiste um Measúnú Riosca) a thug tuairimí ar an dá shubstaint. Rinne an Coimisiún comhairliúchán dhá chéim leis an lucht bainistíochta agus saothair ar leibhéal an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 154 den Chonradh. Chuaigh sé i gcomhairle freisin leis an gCoiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte, a ghlac tuairimí maidir le hathbhreithniú ar theorainnluachanna le haghaidh luaidhe agus a comhdhúl neamhorgánach[93] agus maidir le teorainnluach ceirde a bhunú le haghaidh dé-isicianáití, agus tugadh moltaí le haghaidh nodaireachtaí iomchuí. | (14) Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle leis an gCoiste um Measúnú Riosca) a thug tuairimí ar an dá shubstaint. Rinne an Coimisiún comhairliúchán dhá chéim leis an lucht bainistíochta agus saothair ar leibhéal an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 154 den Chonradh. Chuaigh sé i gcomhairle freisin leis an gCoiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ***ag an Obair***, a ghlac tuairimí maidir le hathbhreithniú ar theorainnluachanna le haghaidh luaidhe agus a comhdhúil neamhorgánacha[93] agus maidir le teorainnluach ceirde a bhunú le haghaidh dé-isicianáití[94], agus tugadh moltaí le haghaidh nodaireachtaí iomchuí***, agus maidir le hathbhreithniú ar na teorainnluachanna le haghaidh dé-isicianáití ag tosú in 2029***. ***Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún an próiseas a sheoladh chun meastóireacht a dhéanamh ar an ngá atá ann na teorainnluachanna ceangailteacha do dhéisiciainí a mhodhnú agus ba cheart dó, tar éis dó dul i gcomhairle le ACSH, i gcás inarb iomchuí, na leasuithe is gá ar an ngrúpa substaintí sin a mholadh, agus líon na gcásanna maidir le plúchadh ceirde a thuairiscigh na Ballstáit don Choimisiún á chur san áireamh.*** |

[93] Féach fonóta 8.

[93] Féach fonóta 8.

[94] ACSH opinion on diisocyanates (2021) [Tuairim ACSH maidir le dé-isicianáití (2021)] https://circabc.europa.eu/ui/group/cb9293be-4563-4f19-89cf-4c4588bd6541/library/0d11d394-b1e8-4e1a-a962-5ad60f4ab2ae/details

[94] ACSH opinion on diisocyanates (2021) [Tuairim ACSH maidir le dé-isicianáití (2021)] https://circabc.europa.eu/ui/group/cb9293be-4563-4f19-89cf-4c4588bd6541/library/0d11d394-b1e8-4e1a-a962-5ad60f4ab2ae/details

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 14 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(14a) Sásaíonn cobalt agus comhdhúile cóbailt na critéir lena gcur in aicme charcanaigineach (catagóir 1B) i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 agus, dá bhrí sin, is carcanaiginí iad de réir bhrí Threoir 2004/37/CE. D'fhéadfadh íogrú craicinn agus íogrú na conaire riospráide teacht as nochtadh do chobalt agus comhdhúile cóbailt in áiteanna oibre. Is iomchuí, dá bhrí sin, ar bhonn na faisnéise atá ar fáil, lena n-áirítear sonraí eolaíocha agus teicniúla, teorainnluachanna a bhunú go práinneach do chodáin in-ionanálaithe agus inanálaithe araon de chóbalt agus de chomhdhúile cóbailt i dTreoir 2004/37/CE.*** |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 14 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(14b) Comhlíonann beinséin na critéir lena cur in aicme charcanaigineach (catagóir 1A) i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 agus, dá bhrí sin, is carcanaigin í de réir bhrí*** |

| | |
|---|---|
| | ***Threoir 2004/37/CE. Is féidir beinséin a ionsú tríd an gcraiceann chomh maith. Faoin 1 Eanáir 2030, ba cheart an teorainnluach do bheinséin a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2004/37/CE a athbhreithniú i bhfianaise sonraí eolaíocha níos déanaí, tar éis dul i gcomhairle le ACSH. Is iomchuí an nodaireacht craicinn a choinneáil. Tar éis tuairim a fháil ó RAC, chomhaontaigh ACSH freisin maidir le húsáideacht an bhithfhaireacháin le haghaidh beinséine. Ba cheart na hábhair sin a chur san áireamh agus treoir á forbairt maidir le húsáid phraiticiúil an bhithfhaireacháin.*** |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 15 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(15a) Ba cheart an Teorainn Nochta Ceirde agus Luachanna na dTeorainneacha Bitheolaíocha, lena n-áirítear an teorainnluach do nochtadh stairiúil agus an treoirluach d'oibrithe baineanna atá in aois clainne ar luaidhe, a choimeád faoi ghrinnscrúdú rialta agus athbhreithniú dian a dhéanamh orthu gach cúig bliana ar a laghad, tar éis theacht i bhfeidhm na treorach seo. Ba cheart athbhreithniú den sórt sin a dhéanamh ar bhonn dul chun cinn san eolas agus sna teicneolaíochtaí agus sonraí eolaíocha cothrom le dáta, chun aghaidh a thabhairt ar na tionchair dhiúltacha ar chumas atáirgthe oibrithe baineanna atá in aois clainne agus ar fhorbairt féatais agus chun cosaint chomhionann a áirithiú do gach oibrí beag beann ar a n-inscne. Ba cheart go gcuirfí san áireamh in athbhreithniú den sórt sin freisin aicmiú luaidhe mar luaidhe neamhthairsí atá tocsaineach don*** |

| | |
|---|---|
| | ***atáirgeadh.*** |

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 15 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(15b) Tar éis na leasuithe dá bhforáiltear sa Treoir seo ar Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2004/37/CE a thabhairt isteach, ba cheart teorainnluachanna breise do shubstaintí breise nó do ghrúpaí substaintí agus próiseas breise a thabhairt isteach faoi dheireadh 2024. Tá idir 50 agus 70 substaint nó grúpa substaintí sainaitheanta ag gníomhaireachtaí éagsúla, ag geallsealbhóirí éagsúla agus ag an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte i liostaí tosaíochta de charcanaiginí, só-ghineacha agus substaintí atá tocsaineach maidir le síolrú agus a bhfuil teorainnluachanna ceangailteacha ag teastáil ina leith. Ba cheart don Choimisiún, tráth nach déanaí ná [bliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo], a phlean gníomhaíochta a thabhairt cothrom le dáta chun teorainneacha nochta ceirde a bhaint amach i gcás 5 shubstaint bhreise nó grúpaí substaintí breise nó substaintí a ghintear trí phróiseas ar a laghad. Ba cheart substaintí agus próisis amhail litiam agus comhdhúile litiam, hiodraisín meitile, 1,3-Propánsultón, múch táthúcháin agus deannach leathair a áireamh sna substaintí breise nó sna grúpaí substaintí breise dá dtagraítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2004/37/CE, ach gan a bheith teoranta dóibh sin amháin.*** |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 15 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(15c) Is ábhar imní don tsláinte phoiblí iad substaintí agus meascáin a bhfuil airíonna réabtha iontálaigh acu. Tá sé cruthaithe gur féidir le cur isteach inchríneach a bheith ina chúis le neamhoird áirithe i ndaoine, amhail fabhtanna breithe, neamhoird forbraíochta, atáirgthe nó néarfhorbartha, ailse, diaibéiteas agus murtall. I dteachtaireacht ón gCoimisiún an 14 Deireadh Fómhair 2020 dar teideal 'Straitéis Ceimiceán um an inbhuanaitheacht. I dtreo timpeallacht atá saor ó thocsainí' aibhsíodh gur gá sainaithint guaise ar shuaiteoirí inchríneacha atá ceangailteach ó thaobh dlí a bhunú agus oibrithe a chosaint ar na substaintí sin. Tar éis Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/707[1a] ón gCoimisiún a ghlacadh agus aicme ghuaise nua le haghaidh suaiteoirí inchríneacha a thabhairt isteach, ba cheart na substaintí sin a chumhdach le dlí sláinte agus sábháilteachta an Aontais. Is gá, dá bhrí sin, machnamh a dhéanamh ar raon feidhme Threoir 2004/37/CE a leathnú chuig suaiteoirí inchríneacha, a bhfuil an cumas acu cur isteach ar an gcóras hormónach agus ar féidir leo, dá bhrí sin, éifeachtaí díobhálacha sláinte a spreagadh.***<br>__________________<br>***[1a] Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/707 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2022 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 a mhéid a bhaineann le haicmí guaise agus critéir d'aicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán (IO L 93, 31.3.2023, lch. 7)*** |

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 15 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(15d) Chun leibhéal cuimsitheach cosanta a áirithiú, is gá breithniú a dhéanamh ar na héifeachtaí a bhaineann le nochtadh carntha do shubstaintí éagsúla. San ionad oibre, is minic a bhíonn oibrithe nochta do mhanglam substaintí guaiseacha, rud a d'fhéadfadh rioscaí a mhéadú agus éifeachtaí díobhálacha sláinte a chruthú. I gcás nochtadh do theaglaim de shubstaintí atá ag gníomhú tríd an modh gníomhaíochta céanna nó ag an sprioc-chill nó ag an bhfíochán céanna, is gá cur chun feidhme a dteorainnluachanna féideartha a oiriúnú chun na héifeachtaí carntha a chur i gcuntas.*** |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 15 e (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(15e) Rinne an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte nochtadh ceirde comhraiceoirí dóiteáin a aicmiú mar nochtadh carcanaigineach (Grúpa 1).***<br><br>***Áirítear le nochtadh ceirde comhraiceoirí dóiteáin éagsúlacht guaiseacha a eascraíonn as dóiteáin agus eachtraí neamhdhóiteáin. Is féidir le comhraiceoirí dóiteáin a bheith nochta do tháirgí dócháin ó dóiteáin, ábhair thógála, ceimiceáin i gcúr comhraic dóiteáin, i lasairmhoillithigh agus i sceitheadh díosail. Is féidir le glacadh eisiltigh dóiteáin nó ceimiceáin eile tarlú trí ionanálú agus ionsú deirmeach agus b'fhéidir trí ionghabháil. Dá bhrí sin, ba cheart cosaint níos fearr a thabhairt do na*** |

***hoibrithe sin ar an nochtadh sin.***

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 15 f (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(15f) Gníomhaíocht an Aontais, amhail an Comhaontú Glas don Eoraip a seoladh i dteachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2019 agus an tionscnamh Amhábhar Criticiúil a seoladh i dteachtaireacht ón gCoimisiún an 16 Márta 2023 dar teideal 'Soláthar slán agus inbhuanaithe amhábhar criticiúil chun tacú leis an dá aistriú', forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn, amhail mar shampla earnáil na gceallraí atá ar cheann de na hearnálacha éagsúla a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo chun cuspóirí Rialachán (AE) 2021/1119 a bhaint amach Chuige sin, teastaíonn cothromaíocht idir dálaí comhshaoil, eacnamaíocha agus sóisialta. Trí theorainneacha ceangailteacha nochta ceirde maidir le carcanaiginí, só-ghineacha agus substaintí atá tocsaineach don atáirgeadh a achtú, is fearr an chosaint a thugtar d'oibrithe ar dhíobháil agus is féidir leo leanúint de bheith ag obair ar bhealach chomh sábháilte agus is féidir i dtionscail ina dtáirgtear amhábhair chriticiúla, amhail luaidhe, an geilleagar ciorclach a spreagadh agus neamhspleáchas straitéiseach idirnáisiúnta na n-amhábhar, ar tosaíochtaí de chuid an Aontais iad, a chothabháil agus a fheabhsú. Trí oibrithe a chosaint ar nochtadh do shubstaintí guaiseacha, cuirtear freisin le cuspóirí 'Phlean Sáraithe Ailse na hEorpa', a leagtar amach i dteachtaireacht ón gCoimisiún an 3 Feabhra 2021. Leis sin, cuirtear chun cinn aistriú cóir, glas agus digiteach ina bhfuil sláinte oibrithe agus ardleibhéal cosanta fite fuaite le*** |

***spriocanna eacnamaíocha agus comhshaoil an Aontais. Mar gheall ar airíonna díobhálacha luaidhe agus a chomhdhúile neamhorgánacha, ní mór athlonnú cuideachtaí próiseála luaidhe chuig tríú tíortha nach bhfuil rialacháin sábháilteachta agus sláinte ceirde chomh dian céanna acu a sheachaint i gcónaí, agus an leibhéal cosanta is airde d'oibrithe san Aontas á chur ar fáil.***

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 15 g (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(15g) Mar gheall ar nochtadh dothuartha do shubstaintí áirithe, ar mheascán substaintí nó srianta in eagrú na hoibre, ba cheart roinnt gairmeacha a mheas mar ghairmeacha carcanaigineacha per se. Tá sé deacair do roinnt gairmeacha a mhéid a bheidh oibrithe nochta do shubstaintí nó do mheascáin substaintí a thuar agus a ullmhú. Táthar ag súil go leathnófar liosta ghuaiseacha carcanaigineacha na hEagraíochta Domhanda Sláinte i gcomhréir leis an méid méadaitheach sonraí agus le dul chun cinn an taighde leighis agus eolaíoch, lena gcuirtear béim ar chineál carcanaigineach roinnt gairmeacha. Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún sainmhíniú ar ghairmeacha carcanaigineacha a fhorbairt chun tacú le fostóirí gairmeacha atá i mbaol a shainaithint, agus chun cur chun feidhme na mbeart leormhaith cosanta agus oiliúna de bhun Threoir 98/24/CE agus Threoir 2004/37/CE a éascú.*** |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 15 h (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(15h) Tá an geilleagar ciorclach agus na hearnálacha bailithe, sórtála agus téarnaimh dramhaíola ag fás go tapa chun cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a bhaint amach, chun inbhuanaitheacht thionscal na hEorpa a áirithiú agus chun neamhspleáchas straitéiseach níos fearr don Aontas a áirithiú. Mar sin féin, ardaíonn na forbairtí dearfacha sin go leor saincheisteanna sláinte agus sábháilteachta ceirde d'oibrithe sa tionscal sin, ar dócha, de bharr chineál a ngníomhaíochta, go mbeidh siad neamhchosanta go díréireach ar shubstaintí díobhálacha. Mar shampla, is ann do nochtadh do luaidhe, mearcair agus miotail ghuaiseacha eile i saoráidí athchúrsála dramhaíola cheana féin i gcás go leor de na hoibrithe sin. Tá gá le bearta cosanta uaillmhianacha, beartais choiscthe leordhóthanacha, chomh maith le dálaí oibre ar ardchaighdeán chun na rioscaí a bhaineann le nochtadh do shubstaintí guaiseacha a laghdú agus chun ardleibhéal cosanta a áirithiú.*** |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 15 i (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(15i) Tá oibrithe neamhfhoirmiúla i láthair sna hearnálacha bailithe, sórtála agus aisghabhála dramhaíola. Ardleibhéal nochta do rioscaí, lena n-áirítear substaintí díobhálacha, mar aon le leibhéal íseal cosanta sóisialta, is mó a chuireann oibrithe sa gheilleagair neamhfhoirmiúil i staid an-leochaileach. Is minic nach mbíonn bearta*** |

| | |
|---|---|
| | ***coisctheacha, i bhfoirm córas bainistithe sláinte agus sábháilteachta ceirde agus cultúr ginearálta sábháilteachta, chun rioscaí ag an obair a laghdú i bhfeidhm sa gheilleagar neamhfhoirmiúil. Ba cheart feidhm chomhionann a bheith ag bearta cosanta na Treorach seo maidir le gach oibrí. Chuige sin, is gá an Treoir seo a fhorfheidhmiú go hiomlán, lena n-áirítear trí chigireachtaí saothair, chun dálaí oibre agus timpeallachtaí sábháilte a áirithiú chomh maith le cóir chomhionann d'oibrithe ar fud na n-earnálacha.*** |

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe -1 (nua)**
Treoir 98/24/CE gan a bheith ag teacht faoin raon feidhme
Airteagal 12 – mír 2 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(-1) in Airteagal 12, cuirtear an mhír seo a leanas leis:*** |
| | ***'2a. Tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2029, seolfaidh an Coimisiún próiseas athbhreithnithe don teorainn nochta ceirde agus do na teorainnluachanna gearrthéarmacha um nochtadh ceirde do dhé-isicianáití, agus aird ar leith á tabhairt ar an meastóireacht ar Rialachán REACH agus ar aon sonraí ábhartha atá ar fáil agus, i gcás inarb iomchuí, cuirfidh sé na leasuithe is gá isteach ar an ngrúpa substaintí a leagtar amach in Iarscríbhinn I gan mhoill.';*** |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – an fhoclaíocht réamhráiteach (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Leasaítear Treoir 2004/37/CE mar a leanas:*** |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 1 (nua)**
Treoir 2004/37/CE
Airteagal 2 – pointe b

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(1) in Airteagal 2(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):*** |
| (b) ciallaíonn 'só-ghineach': substaint nó meascán a chomhlíonann na critéir lena n-aicmiú mar shó-ghineach gaiméite de chatagóir 1A nó 1B a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008; | '(b) ciallaíonn 'só-ghineach': |
| | ***(i)*** substaint nó meascán a chomhlíonann na critéir lena n-aicmiú mar shó-ghineach gaiméite de chatagóir 1A nó 1B a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008; |
| | ***(ii) substaint, meascán nó próiseas dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin chomh maith le substaint nó meascán a scaoiltear trí phróiseas dá dtagraítear san Iarscríbhinn sin; "*** |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 2 (nua)**
Treoir 2004/37/CE
Airteagal 2 – pointe ba

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(2) in Airteagal 2(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):*** |
| (ba) ciallaíonn ‘substaint atá tocsaineach don atáirgeadh’ substaint nó meascán a chomhlíonann na critéir lena haicmiú nó aicmiú mar thocsain atáirgthe de chatagóir 1A nó 1B a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008; | "(ba) ciallaíonn ‘substaint atá tocsaineach don atáirgeadh’ |
| | ***(i)*** substaint nó meascán a chomhlíonann na critéir lena haicmiú nó aicmiú mar thocsain atáirgthe de chatagóir 1A nó 1B a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008; |
| | ***(ii) substaint, meascán nó próiseas dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin chomh maith le substaint nó meascán a scaoiltear trí phróiseas dá dtagraítear san Iarscríbhinn sin; "*** |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 3 (nua)**
Treoir 2004/37/CE
Airteagal 2 – pointe e a (nua)

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(3) in Airteagal 2(1), cuirtear an pointe seo a leanas leis:*** |
| | ***“(ea) ciallaíonn ‘táirgí íocshláinte guaiseacha’ nó HMP’ táirgí íocshláinte ina bhfuil substaint amháin nó níos mó a chomhlíonann na critéir lena gcur in aicme charcanaigineach (catagóir 1A nó 1B), mar shó-ghineach (catagóir 1A nó 1B) nó mar shubstaint atá tocsaineach don atáirgeadh (catagóir 1A nó 1B) i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh.*** |

| | |
|---|---|
| | ***1272/2008.';*** |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 4 (nua)**
Treoir 2004/37/CE
Airteagal 5 – mír 4

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(4) in Airteagal 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:*** |
| 4. Ní rachaidh an nochtadh thar an teorainnluach do charcanaigin, do shóghineach nó do shubstaint atá tocsaineach don atáirgeadh mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III. | ***"***4. Ní rachaidh an nochtadh thar an teorainnluach do charcanaigin, do shóghineach nó do shubstaint atá tocsaineach don atáirgeadh mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III. ***Ní rachaidh na leibhéil bhitheolaíocha thar an teorainnluach bitheolaíoch do charcanaigin, do shóghineach nó do shubstaint atá tocsaineach don atáirgeadh a leagtar amach in Iarscríbhinn IIIa.'*** |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 5 (nua)**
Treoir 2004/37/CE
Airteagal 5 – mír 4 a (nua)

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(5) in Airteagal 5, cuirtear isteach an mhír seo a leanas:*** |
| | ***"4a. I gcás nochtadh do theaglaim substaintí atá ag gníomhú tríd an modh gníomhaíochta céanna nó ag an sprioc-chill chéanna nó ag an sprioc-fhíochán céanna, déanfar cur chun feidhme theorainnluachanna féideartha na substaintí sin a oiriúnú chun comhéifeachtaí substaintí den sórt sin a chur san áireamh i gcomhréir le treoirlínte an Aontais, de bhun Airteagal*** |

*18a, mír 7a.';*

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 6 (nua)**
Treoir 2004/37/CE
Airteagal 18a – mír 7

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(6) in Airteagal 18a, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7:*** |
| Tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig ***2024***, déanfaidh an Coimisiún, agus na forbairtí is déanaí san eolas eolaíoch á gcur san áireamh aige, ***agus tar éis comhairliúchán iomchuí a dhéanamh leis na geallsealbhóirí ábhartha,*** teorainnluach le haghaidh cóbailt agus comhdhúile cóbailt neamhorgánacha ***a mholadh,*** i gcás inarb iomchuí.'; | 'Tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig ***2023***, déanfaidh an Coimisiún, ***tar éis dó dul i gcomhairle le ACSH,*** agus aird á tabhairt ar ***thuairim 2018 ó RAC agus*** na forbairtí is déanaí san eolas eolaíoch , i gcás inarb iomchuí, ***togra reachtach a thíolacadh maidir le*** teorainnluach a thabhairt isteach le haghaidh cóbailt agus comhdhúile cóbailt.***';*** |

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 7 (nua)**
Treoir 2004/37/CE
Airteagal 18a – mír 7 a (nua)

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(7) in Airteagal 18a, cuirtear an mhír seo a leanas leis:*** |
| | ***'Faoin... [bliain amháin tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí sin], agus na forbairtí is déanaí san eolas eolaíoch agus tuairim Choiste um Measúnú Riosca na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 á gcur san áireamh, agus tar éis dul i gcomhairle go hiomchuí leis na geallsealbhóirí ábhartha, ullmhóidh an Coimisiún treoirlínte an Aontais maidir leis an gcaoi*** |

***a ndéanfar cur chun feidhme na dteorainnluachanna dá dtagraítear in Airteagal 5(4a) a oiriúnú i gcás nochtadh do mheascán substaintí. Foilseofar na treoirlínte sin ar shuíomh gréasáin EU-OSHA agus scaipfidh na húdaráis inniúla ábhartha iad sna Ballstáit uile.';***

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 8 (nua)**
Treoir 2004/37/CE
Airteagal 18a – pointe 7 b (nua)

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(8) in Airteagal 18a, cuirtear an mhír seo a leanas leis:*** |
| | ***'Faoi... [12 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na treorach leasaithí seo], déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar chur chun feidhme na Treorach seo. I gcomhthéacs an athbhreithnithe sin, breithneoidh sé an iomchuí tuilleadh leasuithe a dhéanamh ar an Treoir seo, déanfaidh sé measúnú ar a indéanta atá sé suaiteoirí inchríneacha a chur san áireamh laistigh de raon feidhme na Treorach seo agus, i gcás inarb iomchuí, cuirfidh sé togra reachtach faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.'*** |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 9 (nua)**
Treoir 2004/37/CE
Airteagal 18a – mír 7 c (nua)

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(9) in Airteagal 18a, cuirtear an mhír seo a leanas leis:*** |

***[cúig bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm na treorach leasaithí seo] agus gach cúig bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar Luach na dTeorainneacha Nochta Ceirde agus ar Luachanna na dTeorainneacha Bitheolaíocha lena n-áirítear an teorainnluach maidir le nochtadh stairiúil agus an treoirluach d'oibrithe baineanna atá in aois iompar clainne, a leagtar síos in Iarscríbhinn III agus in Iarscríbhinn IIIa, agus na tionchair dhiúltacha ar chumas atáirgthe oibrithe ban in aois clainne agus ar fhorbairt féatais á gcur san áireamh chun cosaint chomhionann a áirithiú do gach oibrí beag beann ar inscne na n-oibrithe sin agus sonraí eolaíocha atá cothrom le dáta agus aicmiú luaidhe mar substaint neamhthairsí atá tocsaineach don atáirgeadh á gcur san áireamh.'***

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 10 (nua)**
Treoir 2004/37/CE
Airteagal 18a – mír 7 d (nua)

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(10) in Airteagal 18a, cuirtear an mhír seo a leanas leis:*** |
| | ***'Faoin... [dhá mhí dhéag tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo], déanfaidh an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (ACSH), sainmhíniú a fhorbairt ar 'ghairmeacha carcanaigineacha' agus déanfaidh sé measúnú ar a iomchuí atá sé gairmeacha den sórt sin a áireamh i raon feidhme na Treorach seo.';*** |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 11 (nua)**
Treoir 2004/37/CE
Airteagal 18a – mír 7 e (nua)

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(11) in Airteagal 18a, cuirtear an mhír seo a leanas leis:*** |
| | ***'Faoin... [dhá mhí dhéag tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo], déanfaidh an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle le ACSH, treoirlínte a fhorbairt maidir le nochtadh ceirde stairiúil do luaidhe d'fhonn go méadófaí cosaint agus go laghdófaí nochtadh oibrithe a bhfuil a leibhéil luaidhe fola os cionn an teorainnluacha bhitheolaíoch agus chun cosaint bhreise a thabhairt d'oibrithe ban in aois clainne Foilseofar na treoirlínte sin ar shuíomh gréasáin EU-OSHA agus scaipfidh na húdaráis inniúla ábhartha iad sna Ballstáit uile.'*** |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 12 (nua)**
Treoir 2004/37/CE
Airteagal 18a – mír 7 f (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(12) in Airteagal 18a, cuirtear an mhír seo a leanas leis:*** |
| | ***'Faoi cheann [bliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo], déanfaidh an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle le ACSH agus na moltaí atá déanta cheana ag gníomhaireachtaí ábhartha, ag geallsealbhóirí agus ag an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte á gcur i gcuntas maidir le carcanaiginí tosaíochta, só-ghineacha agus substaintí atá tocsaineach don atáirgeadh a bhfuil teorainnluachanna ag teastáil ina leith,*** |

| | |
|---|---|
| | ***athbhreithniú ar a phlean gníomhaíochta chun teorainnluachanna nochta ceirde a bhaint amach do shubstaintí, nó do ghrúpaí substaintí nó substaintí a ghintear trí phróiseas sa bhreis orthu sin dá dtagraítear sa Treoir seo. Áireofar leis sin go háirithe litiam agus comhdhúile litiam, hiodraisín meitile, 1,3-Propánsultón, múch táthúcháin agus deannach leathair. Faoin [dhá bhliain tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo], déanfaidh an Coimisiún, agus an plean gníomhaíochta athbhreithnithe sin á chur i gcuntas aige chun teorainnluachanna a bhaint amach do shubstaintí breise nó do ghrúpa substaintí nó substaintí a ghintear trí phróiseas, na forbairtí is déanaí san eolas eolaíoch, agus tar éis dó dul i gcomhairle le ACSH, togra reachtach a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, i gcás inarb iomchuí.';*** |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 13 (nua)**
Treoir 2004/37/CE
Airteagal 18a – mír 7 g (nua)

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(13) in Airteagal 18a, cuirtear an mhír seo a leanas leis:*** <br> ***'Faoin... [dhá mhí dhéag tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo], breithneoidh an Coimisiún, i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta, díolúintí spriocdhírithe agus teoranta do ghníomhaíochtaí oibre cultúrtha agus oidhreachta ar Luachanna Teorainneacha Nochta Ceirde agus Luachanna na dTeorainneacha Bitheolaíocha atá ann cheana, agus déanfaidh sé gníomhaíocht iomchuí.'*** |

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 14 (nua)**
Treoir 2004/37/CE
Airteagal 18a – mír 7 h (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(14) in Airteagal 18a, cuirtear an mhír seo a leanas leis:*** |
| | ***'Faoin 1 Eanáir 2028, agus tuairim RAC 2018 agus na forbairtí is déanaí san eolas eolaíoch á gcur i gcuntas aige, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar a indéanta atá sé an teorainnluach do bheinséin a laghdú tuilleadh agus déanfaidh sé, faoin 1 Eanáir 2030, i gcás inarb iomchuí, na leasuithe reachtacha is gá ar an Treoir seo a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.';*** |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 2 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Leasaítear Iarscríbhinní III agus IIIa a ghabhann le Treoir 2004/37/EC i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir sin. | Leasaítear Iarscríbhinní ***I,*** III agus IIIa a ghabhann le Treoir 2004/37/EC i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir sin. |

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn I**

Treoir 98/24/CE
Iarscríbhinn I

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 98/24/CE:

IARSCRÍBHINN I

LIOSTA DE THEORAINNLUACHANNA NOCHTA CEIRDE CEANGAILTEACHA

| Ainm an oibreáin | Uimh CE (1) | Uimh CAS (2) | Teorainnluachanna | | | | | Nodaireacht | Bearta idirthréimhseacha |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | 8 n-uaire an chloig (3) | | | Gearrthéarmach (4) | | | |
| | | | µg/m³ (5) | Csm (6) | f/ml(7) | µg/m³ | csm | | |
| Dé-isicianáití | | | 6 | | | 12 | | craiceann (8) Íogrú deirmeach agus riospráide (9) | Beidh feidhm ag an teorainnluach 10 µg/m³ i ndáil le tréimhse thagartha ocht n-uair an chloig agus ag teorainnluach nochta ghearrthéarmaigh 20 µg/m³ go dtí an 31 Nollaig 2028. |

(1) Is í uimhir CE, i.e. , Einecs, ELINCS nó NLP, uimhir oifigiúil na substainte laistigh den Aontas Eorpach, faoi mar a shainmhínítear i Roinn 1.1.1.2 in Iarscríbhinn VI, Cuid 1, a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008.

(2) Uimhir CAS: Uimhir Chláraithe na Seirbhíse Achoimreachtaí Ceimiceán.

(3) Arna thomhas nó arna ríomh i dtaca le tréimhse thagartha 8 n-uaire an chloig mheán ualaithe de réir ama (TWA).

(4) Teorainnluach nochta ghearrthéarmaigh (STEL). Teorainnluach nár cheart nochtadh tarlú os a chionn agus a bhaineann le tréimhse 15 nóiméad mura sonrófar a mhalairt.

(5) µg/m³ = micreagraim in aghaidh an mhéadair chiúbaigh aeir.

(6) csm = codanna sa mhilliún de réir toirt aeir (ml/m3).

(7) f/ml = snáithíní sa mhillilítear.

(8) Is féidir an tsubstaint a bheith ina cúis le híogrú an chraicinn.

(9) Is féidir an tsubstaint a bheith ina cúis le híogrú an chraicinn agus na conaire riospráide.’.

*Leasú*

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 98/24/CE:

IARSCRÍBHINN I
LIOSTA DE THEORAINNLUACHANNA NOCHTA CEIRDE CEANGAILTEACHA

| Ainm an oibreáin | Uimh CE ([1]) | Uimh CAS ([2]) | Teorainnluachanna | | | | | Nodaireacht | Bearta idirthréimhseacha |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | 8 n-uaire an chloig ([3]) | | | Gearrthéarmach ([4]) | | | |
| | | | µg ***NCO***/$m^3$ ([5]) | Csm ([6]) | f/ml ([7]) | µg ***NCO***/$m^3$ | csm | | |
| Dé-isicianáití | | | 6 | | | 12 | | Craiceann ([8]) Íogrú deirmeach agus riospráide ([9]) | Beidh feidhm ag an teorainnluach 10 µg***NCO***/$m^3$ i ndáil le tréimhse thagartha ocht n-uair an chloig agus ag teorainnluach nochta ghearrthéarmaigh 20 µg/m***NCO***/$m^3$ go dtí an 31 Nollaig 2028. |

([1]) Is í uimhir CE, i.e. , Einecs, ELINCS nó NLP, uimhir oifigiúil na substainte laistigh den Aontas Eorpach, faoi mar a shainmhínítear i Roinn 1.1.1.2 in Iarscríbhinn VI, Cuid 1, a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008.

([2]) Uimhir CAS: Uimhir Chláraithe na Seirbhíse Achoimreachtaí Ceimiceán.

([3]) Arna thomhas nó arna ríomh i dtaca le tréimhse thagartha 8 n-uaire an chloig mheán ualaithe de réir ama (TWA).

([4]) Teorainnluach nochta ghearrthéarmaigh (STEL). Teorainnluach nár cheart nochtadh tarlú os a chionn agus a bhaineann le tréimhse 15 nóiméad mura sonrófar a mhalairt.

([5]) ***Arna thomhas*** mar µg ***NCO***/$m^3$ = micreagraim ***NCO/grúpa isicianáite ó dhéisicianáit*** in aghaidh an mhéadair chiúbaigh d'aer.

([6]) csm = codanna sa mhilliún de réir toirt aeir (ml/m3).

([7]) f/ml = snáithíní sa mhillilítear.

([8]) Is féidir an tsubstaint a bheith ina cúis le híogrú an chraicinn.

([9]) Is féidir an tsubstaint a bheith ina cúis le híogrú an chraicinn agus na conaire riospráide.'.

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn II – an fhoclaíocht réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Leasaítear Iarscríbhinní III agus IIIa a ghabhann le Treoir 2004/37/CE mar a leanas: | Leasaítear Iarscríbhinní ***I,*** III agus IIIa a ghabhann le Treoir 2004/37/CE mar a leanas: |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn II – pointe -1 a (nua)**
Treoir 2004/37/CE
Iarscríbhinn I – teideal

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(-1) in Iarscríbhinn I, leasaítear an tábla mar a leanas:*** |
| Liosta substaintí, ullmhóidí agus próiseas | 'Liosta substaintí, ullmhóidí agus próiseas |
| (Airteagal 2(a)(iii)) | ***(Airteagal 2(a)(ii), 2(b)(ii), 2(ba)(ii))';*** |

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn II – pointe -1 a (nua)**
Treoir 2004/37/CE
Iarscríbhinn I – pointe 8 a (nua)

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(-1a) in Iarscríbhinn I, cuirtear an pointe seo a leanas leis:*** |
| | ***"8a. Obair lena mbaineann nochtadh do tháirgí íocshláinte guaiseacha.';*** |

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn II – pointe 1**
Treoir 2004/37/CE
Iarscríbhinn III – pointe A – ró 31

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(1) in Iarscríbhinn III, pointe A, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró a bhaineann le luaidhe neamhorgánach agus a comhdhúile:

| Ainm an oibreáin | Uimh CE (1) | Uimh CAS (2) | Teorainnluachanna | | | | | | Nodaireacht | Beartaidirthréimhseacha |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | 8 n-uaire an chloig (3) | | | Gearrthéarmach (4) | | | | |
| | | | $mg/m^3$ (5) | Csm (6) | f/ml(7) | $mg/m^3$ | csm | f/ml | | |
| Luaidhe neamhorgánach agus a comhdhúile | | | 0.03 | | | | | | | |

(1) Is í uimhir CE, i.e. , Einecs, ELINCS nó NLP, uimhir oifigiúil na substainte laistigh den Aontas Eorpach, faoi mar a shainmhínítear i Roinn 1.1.1.2 in Iarscríbhinn VI, Cuid 1, a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008.
(2) Uimhir CAS: Uimhir Chláraithe na Seirbhíse Achoimreachtaí Ceimiceán.
(3) Arna thomhas nó arna ríomh i dtaca le tréimhse thagartha 8 n-uaire an chloig mheán ualaithe de réir ama (TWA).
(4) Teorainnluach nochta ghearrthéarmaigh (STEL). Teorainnluach nár cheart nochtadh tarlú os a chionn agus a bhaineann le tréimhse 15 nóiméad mura sonrófar a mhalairt.
(5) mg/m3 = milleagraim in aghaidh an mhéadair chiúbaigh aeir ag 20 °C agus 101,3 kPa (760 mm de bhrú mearcair).
(6) csm = codanna sa mhilliún de réir toirt aeir (ml/m3).
(7) f/ml = snáithíní in aghaidh an mhillilítir.’;

*Leasú*

(1) in Iarscríbhinn III, pointe A, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró a bhaineann le luaidhe neamhorgánach agus a comhdhúile:

| Ainm an oibreáin | Uimh CE (1) | Uimh CAS (2) | Teorainnluachanna | | | | | | Nodaireacht | Beartaidirthréimhseacha |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | 8 n-uaire an chloig (3) | | | Gearrthéarmach (4) | | | | |
| | | | $mg/m^3$ (5) | Csm (6) | f/ml(7) | $mg/m^3$ | csm | f/ml | | |
| Luaidhe neamhorgánach agus a comhdhúile | | | 0.03 | | | | | | ***Substaint neamhthairsí atá tocsaineach don atáirgeadh*** | |

(1) Is í uimhir CE, i.e. , Einecs, ELINCS nó NLP, uimhir oifigiúil na substainte laistigh den Aontas Eorpach, faoi mar a shainmhínítear i Roinn 1.1.1.2 in Iarscríbhinn VI, Cuid 1, a ghabhann

le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008.
(2) Uimhir CAS: Uimhir Chláraithe na Seirbhíse Achoimreachtaí Ceimiceán.
(3) Arna thomhas nó arna ríomh i dtaca le tréimhse thagartha 8 n-uaire an chloig mheán ualaithe de réir ama (TWA).
(4) Teorainnluach nochta ghearrthéarmaigh (STEL). Teorainnluach nár cheart nochtadh tarlú os a chionn agus a bhaineann le tréimhse 15 nóiméad mura sonrófar a mhalairt.
(5) mg/m3 = milleagraim in aghaidh an mhéadair chiúbaigh aeir ag 20 °C agus 101,3 kPa (760 mm de bhrú mearcair).
(6) csm = codanna sa mhilliún de réir toirt aeir (ml/m3).
(7) f/ml = snáithíní in aghaidh an mhillilítir.';

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn II – pointe 2**
Treoir 2004/37/CE
Iarscríbhinn IIIa

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn IIIa: | (2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn IIIa: |
| 'IARSCRÍBHINN IIIa (Airteagal 16(4)) | 'IARSCRÍBHINN IIIa (Airteagal 16(4)) |
| TEORAINNLUACHANNA BITHEOLAÍOCHA AGUS BEARTA FAIREACHAIS SLÁINTE | TEORAINNLUACHANNA BITHEOLAÍOCHA AGUS BEARTA FAIREACHAIS SLÁINTE |
| (Airteagal 16(4)) | (Airteagal 16(4)) |
| Luaidhe agus a comhdhúile ***ianacha*** | Luaidhe agus a comhdhúile ***neamhorgánacha*** |
| Mar chuid den fhaireachán bitheolaíoch, ní mór tomhas a dhéanamh ar an leibhéal luaidhe san fhuil (PbB) trí úsáid a bhaint as speictriméadracht ionsúcháin nó modh lena dtugtar torthaí coibhéiseacha. Seo a leanas an teorainnluach bitheolaíoch ceangailteach: | Mar chuid den fhaireachán bitheolaíoch, ní mór tomhas a dhéanamh ar an leibhéal luaidhe san fhuil (PbB) trí úsáid a bhaint as speictriméadracht ionsúcháin nó modh lena dtugtar torthaí coibhéiseacha. Seo a leanas an teorainnluach bitheolaíoch ceangailteach: |
| 15 µg Pb/100 ml fola(1) | 15 µg Pb/100 ml fola(1) |
| | ***Má nochtar le torthaí an fhaireachais leighis leibhéal luaidhe fola oibrí ar mó é ná 30 µg Pb/100 ml, áiritheoidh an fostóir agus an t-údarás atá freagrach as faireachas sláinte an oibrí sin nach bhfuil an t-oibrí seo nochta do luaidhe a thuilleadh i gcomhréir leis na treoirlínte arna bhforbairt de bhun Airteagal 18a.*** |

| | |
|---|---|
| | ***Má léiríonn torthaí an fhaireachais leighis leibhéal luaidhe fola oibrí idir fuil 15-30 µg Pb/100 ml agus má bhunaítear treocht atá ag meath i dtreo an teorainnluacha atá i bhfeidhm, féadfaidh an t-oibrí sin leanúint de bheith ag obair le cúraimí lena mbaineann nochtadh do luaidhe.***<br><br>***Cuirfear bearta sonracha i bhfeidhm maidir le bainistiú riosca, lena n-áirítear faireachas sláinte sonrach agus rialta, ardchaighdeáin do threalamh cosanta pearsanta agus gnáthsheiceálacha luaidhe fola. Faoi cheanglas ginearálta Threoir 2004/37/CE, tá sé d'oibleagáid ar fhostóirí a áirithiú go ndéanfar na substaintí a ionadú nuair is féidir é go teicniúil, go n-úsáidfear córais dhúnta, nó go laghdófar an nochtadh go dtí leibhéal chomh híseal agus is féidir go teicniúil.*** |
| Déantar faireachas leighis ***más amhlaidh gur airde an nochtadh do thiúchan luaidhe san aer ná 0,015 mg/m3, arna ríomh mar mheán ualaithe de réir ama thar 40 uair an chloig in aghaidh na seachtaine, nó má dhéantar leibhéal luaidhe san fhuil níos airde ná 9 µg Pb/100 ml fola a thomhas in oibrithe aonair***. | Déantar faireachas leighis ***go rialta do gach oibrí a nochtar do luaidhe agus dá chomhdhúile neamhorgánacha.*** |
| __________________<br><br>(1) Moltar nach sáróidh an leibhéal luaidhe san fhuil in oibrithe ban in aois clainne luachanna tagartha an phobail i gcoitinne nach nochtar do luaidhe san ionad oibre sna Ballstáit faoi seach den Aontas. Nuair nach bhfuil leibhéil tagartha náisiúnta ar fáil, moltar nach sáróidh an leibhéil luaidhe san fhuil in oibrithe ban in aois clainne an Treoirluach Bitheolaíochta 4.5 µg/100ml.' | __________________<br><br>(1) Moltar nach sáróidh an leibhéal luaidhe san fhuil in oibrithe ban in aois clainne luachanna tagartha an phobail i gcoitinne nach nochtar do luaidhe san ionad oibre sa Bhallstát lena mbaineann den Aontas. Nuair nach bhfuil leibhéil tagartha náisiúnta ar fáil, moltar nach sáróidh an leibhéil luaidhe san fhuil i mná in aois clainne an Treoirluach Bitheolaíochta 4.5 µg/100ml.' ***Mar gheall ar laghdú leanúnach ar leibhéil nochta luaidhe comhshaoil, déanfar athbhreithniú ar an luach sin gach cúig bliana***. |

## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Tá cosaint sláinte agus sábháilteachta oibrithe, a chumhdaítear sna Conarthaí agus sa Chairt um Chearta Bunúsacha, ar na príomhghnéithe de gheilleagar de chuid an Aontais a fhóireann do dhaoine. Léirítear an ceart chun ardleibhéal cosanta sláinte agus sábháilteachta ag an obair i bprionsabal 10 de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, agus tá sé bunriachtanach chun spriocanna forbartha inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.

Níor cheart go bhfulaingeodh aon duine básanna, galair nó timpistí a bhaineann le post. Dá bhrí sin, is mór-réimse rialála í reachtaíocht an Aontais maidir le sábháilteacht agus sláinte cheirde (OSH) a bhaineann le beagnach 170 milliún oibrí san Aontas.  Déanann tionscnaimh bheartais amhail an Comhaontú Glas don Eoraip nó an Tionscnamh Amhábhar Criticiúil forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn, rud a éilíonn cothromaíocht idir breithnithe comhshaoil, eacnamaíocha agus sóisialta.  Trí theorainneacha ceangailteacha nochta ceirde a achtú i gcoinne carcanaiginí, só-ghineacha agus substaintí atá tocsaineach don atáirgeadh, is fearr an chosaint a thugtar d'oibrithe ar dhíobháil agus is féidir leo leanúint de bheith ag obair ar bhealach chomh sábháilte agus is féidir i dtionscail a tháirgeann amhábhair chriticiúla nó a chuireann leis an ngeilleagar glas.  Cuireann sé sin, dá réir sin, aistriú cóir chun cinn trína áirithiú nach gcuirfear sláinte oibrithe i mbaol chun dochair do spriocanna eacnamaíocha agus comhshaoil an Aontais.  Cuireann cosaint oibrithe ar nochtadh do shubstaintí guaiseacha le cuspóirí Phlean Sáraithe Ailse na hEorpa.

I gcreat nua 2021-2027 OSH, tá an tAontas tiomanta do theorainnluachanna cosanta nua maidir le dé-isicianáití agus luaidhe, a sainaithníodh i straitéis ceimiceán 2020 mar chuid de na substaintí ceimiceacha is díobhálaí chun gníomhú ina leith.

***Leis an tuarascáil seo, tá Parlaimint na hEorpa, den chéad uair, ag glacadh teorainnluachanna gairme do dhé-isicianáití, ar substaint é atá bunriachtanach don aistriú glas, agus athbhreithniú á dhéanamh aici ar na teorainnluachanna don luaidhe den chéad uair le níos mó ná 40 bliain. Tugtar isteach sásra athbhreithnithe freisin chun athbhreithnithe rialta a ráthú as seo amach chun a áirithiú go dtabharfar na teorainnluachanna sin cothrom le dáta go rialta, agus na sonraí eolaíocha is déanaí á gcur i gcuntas.***

**Dé-isicianáití**

Úsáidtear dé-isicianáití chun polúireatán a tháirgeadh, ar príomhábhar é le haghaidh réimse leathan feidhmeanna amhail insliú i bhfoirgnimh agus i bhfearais, rud a chuireann le spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip trí astaíochtaí CO2 a laghdú trí éifeachtúlacht fuinnimh. Mar sin féin, is oibreáin cheimiceacha ghuaiseacha iad dé-isicianáití a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le plúchadh ceirde agus galar deirmeach ceirde – frithghníomhartha ailléirgeacha a d'fhéadfadh tarlú mar gheall ar nochtadh do na substaintí sin. De réir na meastachán, tá thart ar 4.2 milliún oibrí nochta do dhé-isicianáití, rud a fhágann go bhfuil dé-isicianáití ar cheann de na cúiseanna is coitianta le plúchadh ceirde, agus tá níos mó ná 2.4 milliún cuideachta san Aontas i gceist.

**Comhdhearcadh trípháirteach maidir le teorainnluachanna.**

Tacaíonn an Coiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (ACSH), ina bhfuil rialtais náisiúnta agus eagraíochtaí oibrithe agus fostóirí, leis na teorainnluachanna

(teorainn nochta ceirde/teorainn nochta ghearrthéarmaigh) do dhé-isiciainí, atá beartaithe anois den chéad uair ar leibhéal an Aontais Eorpaigh. Dá bhrí sin, moltar sa tuarascáil seo na teorainnluachanna agus an clásal athbhreithnithe atá molta ag ACSH a ghlacadh gan leasú, de mheon tacú le réitigh atá comhaontaithe idir na comhpháirtithe sóisialta agus iad a chur chun cinn, i gcomhpháirt leis na riaracháin náisiúnta.

**Luaidhe**

Tá mórán feidhmeanna tionsclaíocha éagsúla ag luaidhe faoi láthair. Is substaint cheirde atá tocsaineach don atáirgeadh í an luaidhe agus a charnann sa chorp mar gheall ar nochtadh agus a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar an bhfeidhm ghnéasach agus ar thorthúlacht d'fhir agus do mhná araon, agus ar fhorbairt an fhéatais nó an tsleachta (tocsaineacht fhorbarthach). D'fhéadfadh torthúlacht lagaithe, breith anabaí nó fabhtanna troma breithe a bheith mar thoradh ar nochtadh do luaidhe, chomh maith le héifeachtaí díobhálacha eile mar néarthocsaineacht, tocsaineacht duánach, éifeachtaí cardashoithíoch agus éifeachtaí haemaiteolaíocha. Baineann luaidhe le thart ar leath de na nochtaí ceirde go léir de shubstaintí atá tocsaineach don atáirgeadh agus cásanna gaolmhara drochshláinte atáirgthe. Meastar go bhfuil thart ar 50 000 go 150 000 oibrí san Aontas nochta do luaidhe faoi láthair. Ní dhearnadh teorainn nochta ceirde cheangailteach AE (OEL) agus teorainnluach bitheolaíoch (BLV) atá ann faoi láthair a nuashonrú le breis agus 40 bliain.

In éagmais comhthoil in ACSH maidir leis na teorainnluachanna le haghaidh luaidhe, tacaíonn an tuarascáil seo leis an togra ón gCoimisiún an OEL a ísliú ó 0.15 milleagram in aghaidh an mhéadair chiúbaigh (0.15 mg/m³) go 0.03 mg/m³ agus an BLV a ísliú ó 70 micreagram in aghaidh an 100 millilítear fola (70°g/100ml) go 15°g/100 ml. Ina theannta sin, moltar sa tuarascáil seo clásal athbhreithnithe lena dtugtar aghaidh ar an tionchar diúltach a bhíonn ag nochtadh ceirde ar shláinte atáirgthe oibrithe ban atá in aois clainne, agus ar fhorbairt féatais. Ba cheart go gcuirfí san áireamh sa chlásal um athbhreithniú freisin sonraí eolaíocha atá cothrom le dáta agus aicmiú luaidhe mar shubstaint neamhthairsí atá tocsaineach don atáirgeadh.

**Nochtadh stairiúil**

Cuirtear san i gcuntas sa tuarascáil sin staid shonrach na n-oibrithe a bhfuil nochtadh do luaidhe go stairiúil acu. D'fhéadfadh leibhéil fola-luaidhe go maith os cionn aon BLV nua a bheith carntha ag oibrithe a bhí nochta do luaidhe ag an obair thar roinnt blianta. I gcásanna den sórt sin,
Má léiríonn torthaí an fhaireachais leighis leibhéal luaidhe fola oibrí idir fuil 15-30 µg Pb/100 ml agus má bhunaítear treocht atá ag meath i dtreo an teorainnluacha atá i bhfeidhm, féadfaidh an t-oibrí sin leanúint de bheith ag obair le cúraimí lena mbaineann nochtadh do luaidhe. Seachas sin, áiritheoidh an t-údarás freagrach nach mbeidh an t-oibrí neamhchosanta a thuilleadh do luaidhe. Ina theannta sin, iarrtar sa tuarascáil seo ar an gCoimisiún treoirlínte a fhorbairt, i gcomhairle le ACSH, maidir le nochtadh ceirde stairiúil d'fhonn méadú a dhéanamh ar chosaint agus laghdú ar nochtadh oibrithe a bhfuil a leibhéil luaidhe fola os cionn an luacha teorann bitheolaíoch chomh maith le cosaint bhreise a thabhairt d'oibrithe ban atá in aois clainne.

**Comhrisíocht**

Chun leibhéal cuimsitheach cosanta a áirithiú, is gá breithniú a dhéanamh ar na héifeachtaí a bhaineann le comhrisíocht do shubstaintí éagsúla. San ionad oibre, is minic a bhíonn oibrithe

nochta do mhanglam substaintí guaiseacha, rud a d'fhéadfadh rioscaí a mhéadú agus éifeachtaí díobhálacha sláinte a chruthú. I gcás nochtadh do theaglaim de shubstaintí atá ag gníomhú tríd an modh gníomhaíochta céanna nó ag an sprioc-chill nó ag an bhfíochán céanna, is gá cur chun feidhme a dteorainnluachanna féideartha a oiriúnú chun na héifeachtaí comhcheangailte a chur i gcuntas. Iarrtar sa tuarascáil sin ar an gCoimisiún treoirlínte de chuid an Aontais a ullmhú maidir leis an gcaoi a ndéanfar cur chun feidhme na dteorainnluachanna sin a oiriúnú i gcás nochtadh do mheascán substaintí.

**Sainmhíniú ar ghairmeacha carcanaigineacha**
Mar gheall ar nochtadh dothuartha do shubstaintí áirithe, ar mheascán substaintí nó srianta in eagrú na hoibre, ba cheart roinnt gairmeacha a mheas mar ghairmeacha carcanaigineacha per se. Iarrtar sa tuarascáil seo ar an gCoimisiún sainmhíniú a fhorbairt ar 'ghairmeacha carcanaigineacha' agus measúnú a dhéanamh ar a iomchuí atá sé gairmeacha den sórt sin a áireamh i raon feidhme na Treorach maidir le CMRD.

**Suaiteoirí inchríneacha agus substaintí breise**
Leis an tuarascáil seo, iarrtar ar an gCoimisiún raon feidhme na treorach maidir le CMRD a leathnú chuig suaiteoirí inchríneacha a bhféadfadh neamhoird áirithe a bheith mar thoradh orthu i ndaoine, amhail fabhtanna breithe, neamhoird forbraíochta, atáirgthe nó néarfhorbartha, ailse, diaibéiteas agus murtall. Iarrtar sa tuarascáil seo freisin ar shubstaintí nua a chur isteach faoi chuimsiú na treorach maidir le CMRD, amhail múch táthúcháin litiam agus deannach leathair chomh maith le teorainnluach a bhunú do chóbalt agus do chomhdhúile neamhorgánacha cóbailt.

**Obair neamhfhoirmiúil**
Ardleibhéal nochta do rioscaí, lena n-áirítear substaintí díobhálacha, mar aon le leibhéal íseal cosanta sóisialta, is mó a chuireann oibrithe sa gheilleagair neamhfhoirmiúil i staid an-leochaileach. Is minic nach mbíonn bearta coisctheacha, i bhfoirm córas bainistithe sláinte agus sábháilteachta ceirde agus cultúr ginearálta sábháilteachta, chun rioscaí ag an obair a laghdú i bhfeidhm sa gheilleagar neamhfhoirmiúil. Iarrtar sa tuarascáil seo go bhforfheidhmeofar na treoracha maidir le CMRD agus CAD ina n-iomláine chun dálaí oibre agus timpeallachtaí sábháilte a áirithiú chomh maith le cóir chomhionann d'oibrithe ar fud na n-earnálacha.

## IARSCRÍBHINN: LIOSTA NA N-EINTITEAS NÓ NA NDAOINE ÓNA BHFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

Déantar an liosta seo a leanas a tharraingt suas ar bhonn deonach amháin faoi fhreagracht eisiach an rapóirtéara. Fuair an rapóirtéir ionchur ó na heintitis nó na daoine seo a leanas le linn an [dréacht-tuarascáil/tuarascáil a ullmhú, go dtí go nglacfar í sa choiste]:

| **Eintiteas agus/nó duine** |
|---|
| BusinessEurope |
| Cónaidhm Eorpach na gCeardchumann - CEC |
| SMEUnited - an Comhlachas Eorpach um Ghnóthais Cheardaíochta agus um Ghnóthais Bheaga agus Mheánmhéide |
| Cónaidhm Eorpach na gCeardchumann Seirbhíse Poiblí - EPSU |
| SGI Europe - Lárionad Eorpach na bhFostóirí agus na bhFiontar a sholáthraíonn Seirbhísí Poiblí |
| Institiúid Eorpach na gCeardchumann - ETUI |
| ISOPA |
| ALIPA |
| Cónaidhm Cheardchumann na Danmhairge - FH |
| An Coimisiún Eorpach |

## AN NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Treoir Leasaitheach 2003/8/CE ón gComhairle agus Treoir 2004/37/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na teorainnluachanna le haghaidh luaidhe agus a comhdhúl neamhorgánach agus dé-isicianáití |
| **Tagairtí** | COM(2023)0071 – C9-0022/2023 – 2023/0033(COD) |
| **Dáta tíolactha chun na Parlaiminte** | 13.2.2023 |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | EMPL<br>13.3.2023 |
| **Coistí ar iarradh tuairim orthu**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ENVI<br>13.3.2023 |
| **Gan tuairim a thabhairt**<br>Dáta an chinnidh | ENVI<br>23.3.2023 |
| **Rapóirtéirí**<br>Dáta an cheapacháin | Nikolaj<br>Villumsen<br>10.3.2023 |
| **Pléite sa choiste** | 28.6.2023 |
| **Dáta an ghlactha** | 7.9.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 37<br>–: 4<br>0: 3 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Marc Angel, Dominique Bilde, Vilija Blinkevičiūtė, Milan Brglez, Sylvie Brunet, Jordi Cañas, David Casa, Ilan De Basso, Margarita de la Pisa Carrión, Özlem Demirel, Jarosław Duda, Estrella Durá Ferrandis, Rosa Estaràs Ferragut, Loucas Fourlas, Chiara Gemma, Helmut Geuking, Elisabetta Gualmini, Alicia Homs Ginel, Agnes Jongerius, Radan Kanev, Katrin Langensiepen, Elena Lizzi, Max Orville, Sandra Pereira, Kira Marie Peter-Hansen, Dragoş Pîslaru, Dennis Radtke, Elżbieta Rafalska, Pirkko Ruohonen-Lerner, Mounir Satouri, Monica Semedo, Eugen Tomac, Romana TOMC, Nikolaj Villumsen, Maria Walsh, Stefania Zambelli |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Alex Agius Saliba, Alexander Alexandrov Yordanov, Catherine Amalric, Carmen Avram, Lina Gálvez Muñoz, Eugenia Rodríguez Palop |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Irena Joveva, Ana Miranda |
| **Dáta don chur síos** | 8.9.2023 |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 37 | + |
|---|---|
| ECR | Pirkko Ruohonen-Lerner |
| ID | Elena Lizzi, Stefania Zambelli |
| EPP | Alexander Alexandrov Yordanov, David Casa, Jarosław Duda, Rosa Estaràs Ferragut, Loucas Fourlas, Helmut Geuking, Radan Kanev, Dennis Radtke, Eugen Tomac, Romana Tomc, Maria Walsh |
| Renew | Catherine Amalric, Sylvie Brunet, Jordi Cañas, Irena Joveva, Max Orville, Dragoş Pîslaru, Monica Semedo |
| S&D | Alex Agius Saliba, Marc Angel, Carmen Avram, Vilija Blinkevičiūtė, Milan Brglez, Ilan De Basso, Estrella Durá Ferrandis, Lina Gálvez Muñoz, Elisabetta Gualmini, Alicia Homs Ginel, Agnes Jongerius |
| The Left | Özlem Demirel, Sandra Pereira, Eugenia Rodríguez Palop, Nikolaj Villumsen |
| Verts/ALE | Kira Marie Peter-Hansen |

| 4 | - |
|---|---|
| ECR | Chiara Gemma, Margarita de la Pisa Carrión, Elżbieta Rafalska |
| ID | Dominique Bilde |

| 3 | 0 |
|---|---|
| Verts/ALE | Katrin Langensiepen, Ana Miranda, Mounir Satouri |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh